Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

10931/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0217 (NLE)**

**AELE 49**
**EEE 33**
**N 72**
**ISL 28**
**FL 28**
**MI 576**
**BUDGET 23**
**POLARM 9**
**POLMIL 121**
**RECH 357**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE (Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta) |

**CINNEADH (AE) 2021/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE (Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lgh 6.

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1] agus go háirithe Airteagal 58(2), pointe (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ('Prótacal'), atá i gceangal le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Ba cheart do Stáit CSTE LEE leanúint de bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann le líne bhuiséid PA 13 17 01 (Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta), a iontráladh i mbuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a leasú chun go mbeifear in ann leanúint den chomhar leathnaithe seo ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE, dá bhrí sin, a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 10932/21 ar http://register.consilium.europa.eu